

If you want to receive forms and correspondence from us in English please contact us.

**Ráiteas Síntiús
Páirtí Polaitíochta
an 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021**
An tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú

Comhlánaigh le BLOCLITREACHA agus i gcló dubh ionas go mbeifear in ann an ráiteas a chóipeáil

1. Faisnéis Ghinearálta

Ainm an Pháirtí Polaitíochta:	Clliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Ainm an Oifigigh Chúí:	Clliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Seoladh le haghaidh comhfhreagrais:	Clliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Uimh. Theileafóin	Clliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Seoladh Ríomhphoist:	Clliceáil anseo chun téacs a iontráil.

2. Síntiús

An bhfuair an Páirtí aon síntiús aonair ar mó a luach ná €1,500.00, nó an bhfuair an Páirtí aon síntiús ar mó a luach comhiomlán ná €1,500.00, ón aon duine amháin idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Nollaig 2021? Má **FUAIR**, ní mór duit an síntiús/na síntiús a liostú ar leathanach 4.

Fuair **Ní bhfuair**

(Iontráil [] de réir mar is cuí)

Ar choinnigh an páirtí cuntas síntiús polaitíochta sa tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021?

Choinnigh Níor choinnigh (Iontráil [] de réir mar is cuí)

Má choinnigh, ní mór duit an Deimhniú Síntiús Airgid, an Dearbhú Reachtúil (Foirm 2) agus an fhoirm seo a chomhlánú go hiomlán.

Mura ndearnadh aon idirbhearta ar an gcuntas sa tréimhse thuas, ba cheart an méid sin a chur in iúl ar an Deimhniú. Ní mór an Dearbhú Reachtúil atá ag gabháil leis an Deimhniú a bheith comhlánaithe i ngach cás.

Ráiteas faoin gcuntas síntiús polaitíochta ar chuir an institiúid airgeadais é ar fáil lena gclúdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021, ní mór é a chur ar fáil don oifig seo i dteannta an Deimhniú Síntiús Airgid, beag beann ar cé acu a rinneadh idirbhearta ar an gcuntas nó nach ndearnadh.

3. Sonraí faoi Shíntiúis (déan an leathanach seo a fhótachóipeáil i gcás go bhfuil níos mó ná 2 shíntiús á nochtadh)

Síntiús

Ainm agus seoladh poist iomlán an tsíntiúsóra a ndearnadh an síntiús thar a cheann			
Ar iarradh ar an síntiúsóir an síntiús a thabhairt?	IARRADH/NÍOR IARRADH	Ainm an duine a d'iarr an síntiús (má bhaineann le hábhar)	
Luach an tSíntiúis	€	Cineál an tSíntiúis ¹	
Tuairisc ar an Síntiúsóir ²		Dáta ar a bhfuarthas an Síntiús	
Má fuarthas an síntiús ó shíntiúsóir corparáideach, an raibh foirm um ráiteas ceadaithe ag gabháil leis? ³			BHÍ/NÍ RAIBH
Ar eisíodh admháil?	EISÍODH/NÍOR EISÍODH	An Saoránach Éireannach é/í an Síntiúsóir?	IS EA/NÍ hEA
Ainm an duine a d'eisigh an admháil			

¹ Mar shampla, airgead tirim/seic/ríomhaistriú airgid, úsáid maoinne, soláthar seirbhísí, etc.

² Mar shampla, duine aonair, síntiúsóir corparáideach cláraithe, ceardchumann, páirtí polaitíochta, etc.

³ Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach nóta V thíos

Síntiús #

Ainm agus seoladh poist iomlán an tsíntiúsóra a ndearnadh an síntiús thar a cheann			
Ar iarradh ar an síntiúsóir an síntiús a thabhairt?	IARRADH/NÍOR IARRADH	Ainm an duine a d'iarr an síntiús (má bhaineann le hábhar)	
Luach an tSíntiúis	€	Cineál an tSíntiúis¹	
Tuairisc ar an Síntiúsóir²		Dáta ar a bhfuarthas an Síntiús	
Má fuarthas an síntiús ó shíntiúsóir corparáideach, an raibh foirm um ráiteas ceadaithe ag gabháil leis? ³			BHÍ/NÍ RAIBH
Ar eisíodh admháil?	EISÍODH/NÍOR EISÍODH	An Saoránach Éireannach é/í an Síntiúsóir?	IS EA/NÍ hEA
Ainm an duine a d'eisigh an admháil			

¹ Mar shampla, airgead tirim/seic/ríomhaistriú airgid, úsáid maoinne, soláthar seirbhísí, etc.

² Mar shampla, duine aonair, síntiúsóir corparáideach cláraithe, ceardchumann, páirtí polaitíochta, etc.

³ Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach nóta A) v) thíos

4. Dearbhú Reachtúil

Cuid 1

(lena comhlánú go hiomlán ag an Oifigeach Cuí)

Dearbhaímse (ainm an Oifigigh Chuí), go sollúnta agus go fíréanta gur ceart i ngach ponc ábhartha atá an **Ráiteas Síntiús** faoi iamh, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, agus go ndearna mé gach beart réasúnach chun a bheith sásta maidir lena chruinneas agus déanaim an dearbhú sollúnta seo agus mé ag creidiúint go coinsiasach go bhfuil an méid céanna fíor agus de bhua an Achta um Dhearbhuithe Reachtúla, 1938.

Síniú an Oifigigh Chuí:

Cuid II

(lena comhlánú go hiomlán ag an bhfinné)

Agus an chuid seo á comhlánú, ní mór don fhinné a lua cé acu atá aithne aige/aici ar an duine atá ag déanamh an dearbhaithe reachtúil nó a chuir duine eile é/í in aithne dó/di nó a cuireadh é/í in aithne dó/di le ceann amháin de na doiciméid dá dtagraítear thíos

Arna dhearbhu os mo chomhairse (*ainm an fhinné i gceannlitreacha anseo*)

..... (*catagóir finné i.e. nótaire poiblí/ coimisinéir mionnaí/ feidhmeannach síochána/ aturnae cleachtach lena hiontráil anseo*)

..... ag

..... (*iontráil ainm an oifigigh chuí atá ag tabhairt an ráitis*), ar a bhfuil aithne phearsanta agam,

nó

atá curtha in aithne dom ag, ar a bhfuil aithne phearsanta agam,

nó

ar cruthaíodh a c(h)éannacht dom sula ndearnadh an Dearbhú sin ach

pas uimh. arna eisiúint [*dáta eisiúna*] ag

údaráis [*stát eisiúna*], is údarás arna aithint ag

Rialtas na hÉireann, a thaispeáint dom

nó

cárta aitheantais náisiúnta uimh. arna eisiúint [*dáta eisiúna*].....ag údaráis [*stát eisiúna*].....(ar Ballstát d'AE, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach de Chomhaontú LEE é) a thaispeáint dom

nó

Pas Eachtrannach uimh. arna eisiúint [*dáta eisiúna*] ag údaráis [*stát eisiúna*]....., is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann, a thaispeáint dom

nó

doiciméad taistil dídeanaí uimh. arna eisiúint [*dáta eisiúna*] ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thaispeáint dom

nó

doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) uimh. arna eisiúint [*dáta eisiúna*]..... ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thaispeáint dom

Síniú an fhinné

Catagóir finné*

Áit Sínithe

Dáta.....

***Tabhair faoi deara nach mór don fhinné bheith i gceann amháin de na catagóirí seo a leanas: Coimisinéir Mionnaí/ Nótaire Poiblí/ Feidhmeannach Síochána/ Aturnae Cleachtach.**

Foirm 2

NÍL AN DEIMHNIÚ SEO LE TAISPEÁINT GO POIBLÍ

15/PP/CMD

**Deimhniú Síntiús Airgid
Páirtí Polaitíochta
(an 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021)
An tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú**

Comhlánaigh gach cuid den fhoirm, sínigh an Deimhniú agus comhlánaigh an Dearbhú Reachtúil ar an gcéad leathanach eile:

Ainm an Pháirtí Polaitíochta:	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Ainm an Oifigigh Chúí:	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais:	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.

Ainm na hInstitiúide Airgeadais:	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Seoladh na hInstitiúide Airgeadais:	Cliceáil anseo chun téacs a iontráil.
Uimhir chuntais:	Cliceáil anseo chun an uimhir chuntais a iontráil.
Dáta ar ar osclaíodh an cuntas:	Cliceáil chun an dáta a iontráil.

1. Idirbhearta Cuntais

An ndearnadh aon idirbhearta ar an gcuntas thuasluaite (i.e. lóisteálacha nó aistarraingtí) idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2021?

Rinneadh

Ní dhearnadh

(Iontráil [] de réir mar is cuí)

2. Deimhniú

Deimhním leis seo go ndearnadh na síntiúis airgid uile a thaisceadh sa chuntas dá dtagraítear thuas agus gur chun críocha polaitiúla a úsáideadh na suimeanna uile a baineadh as an gcuntas.

Sínigh thíos fiú mura ndearnadh aon idirbhearta ar an gcuntas thuas sa bhliain 2021.

Síniú an Oifigigh Chúil:

Dáta:

TÁBHACHTACH

Déan cóip den ráiteas faoin gcuntas ar chuir an institiúid airgeadais é ar fáil lena gclúdaítear idirbhearta sa tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 a sheoladh ar ais i dteannta na foirme comhlánaithe seo.

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Teil: 01 - 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: <http://www.sipo.ie>
Twitter: @SIPOCIreland

NÓTAÍ:

A) SÍNTIÚIS THOIRMISCTHE

i) Síntiúis gan ainm

Tá sé toirmisce the glacadh le síntiús gan ainm ar mó a luach ná **€100**. Is síntiús gan ainm é an síntiús i gcás nach bhfuil ainm **agus** seoladh an tsíntiúsóra ar eolas ag an bpáirtí polaitíochta. Is ar an bhfaighteoir atá an dualgas a chinntiú gurb eol ainm agus seoladh an tsíntiúsóra.

ii) Síntiúis Airgid Thirim os cionn €200

Is é **€200.00** an **síntiús uasta airgid thirim** a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta, páirtí polaitíochta, aonad cuntasáíochta de chuid páirtí polaitíochta, nó tríú páirtí glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire.

iii) Síntiúis os cionn €200 ó shíntiúsóirí corparáideacha neamhchláraithe

Tá sé toirmisce the glacadh le síntiús ar mó a luach ná **€200** ó shíntiúsóir corparáideach **ach amháin** i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe sa Chlár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún **agus** go ndéantar ráiteas thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh (agus é á thabhairt in éineacht leis an síntiús don deontaí) ina ndeimhnítear gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús. Ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag gabháil leis an ráiteas gur ceart i ngach ponc ábhartha atá an ráiteas de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé agus go ndearna an duine gach beart réasúnach chun a bheith sásta maidir le cruinneas an ráitis.

iv) Síntiúis os cionn na teorann uasta forordaithe

Is é €2,500 an luach uasta síntiúis/síntiús a bhféadfaidh páirtí polaitíochta glacadh leis, go díreach nó trí idirghabhálaí, ón aon síntiúsóir amháin san aon bhliain féilire amháin. I gcás go dtugann síntiúsóir níos mó ná síntiús amháin do pháirtí polaitíochta i mbliain ar leith, ní mór na síntiúis a chomhiomlánú ionas go gcloífear leis an teorainn uasta. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil dualgas ar dhuine, roimh dó glacadh le síntiús, a sheiceáil leis an síntiúsóir agus/nó le hoifigeach cuí an pháirtí nach rachaidh suim iomlán na síntiús atá faighte ag an bpáirtí ón síntiúsóir sin os cionn na teorann uasta forordaithe má ghlactar leis an síntiús.

v) Síntiúis ón gCoigríoch

Ní fhéadfaidh páirtí polaitíochta ná ceann ar bith dá chuid fo-aonad glacadh le síntiús, de luach ar bith, ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann. Mar an gcéanna, ní fhéadfar glacadh le síntiús ar bith, de luach ar bith, ó chomhlacht corpraithe nó ó chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann óna stiúrtar ceann amháin ar a laghad dá phríomhghníomhaíochtaí.

Má fuair tú síntiús atá toirmisce the, seiceáil na treoirlínte chun faisnéis a fháil faoi conas déileáil leis sin.

B) CUNTAS SÍNTIÚIS POLAITÍOCHTA

Ní mór do pháirtí polaitíochta cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil ar shíntiús airgid os cionn €100.00 a fháil (mura bhfuil cuntas den sórt sin ar oscailt

cheana féin). Ní mór dó Deimhniú Síntiús Airgid agus an ráiteas síntiús seo a chomhlánú freisin má tá cuntas síntiús polaitíochta aige.